Cuntas Leithreasa 2023

# Vóta 2

# Roinn an Taoisigh

## Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 2, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais sin, d’ullmhaigh mé an cuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2023 ar thuarastail agus ar speansais Roinn an Taoisigh, lena n-áirítear seirbhísí áirithe a riarann an Roinn, agus chun deontais áirithe a íoc.

Cuirtear an toradh caiteachais i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2023, lena n-áirítear an tsuim a d’fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí i gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Dlitear barrachas €4.856 milliún a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid den chuntas an ráiteas faoi pholasaithe agus faoi phrionsabail chuntasaíochta agus na nótaí 1 go 6.

## Ráiteas faoi pholasaithe agus faoi phrionsabail cuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta, maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, mar atá leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadadh ar an bPlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe in imlitir 22 de 2023, chun feidhme agus an cuntas á ullmhú.

Rinneadh na saolréanna ionchais agus na rátaí amúchta gaolmhara a bhaineann le móraicmí sócmhainní doláimhsithe a mheas mar a leanas:

| *Aicme Sócmhainne* | *Saolré ionchais* | *Ráta amúchta* |
|---|---|---|
| Bogearraí faighte/a forbartha | 3 – 5 bliana | 33% – 20% |

## Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais

***Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm as a chinntiú go ndéanann an Roinn córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais a choimeád agus a fheidhmiú.

Feidhmítear an fhreagracht sin i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus i gcomhthéacs na ndualgas eile atá orm mar Ard-Rúnaí. Ina theannta sin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach dearbhú réasúnach agus ní dearbhú iomlán a sholáthar go gcosnaítear na sócmhainní, go ndéantar na hidirbhearta a údarú agus a thaifeadadh i gceart agus go gcuirtear cosc ar earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha nó go mbraithfí iad ar bhealach tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialaithe inmheánaigh airgeadais a choinneáil agus déantar athbhreithniú leanúnach ar an gcóras agus ar a éifeachtúlacht.

***Seirbhísí comhroinnte***

Soláthraíonn an tIonad Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais i gCill Airne, atá mar chuid den Roinn Dlí agus Cirt, próiseáil idirbheart airgeadais ar bhonn seirbhísí comhroinnte. Tá mo chuid freagrachtaí comhlíonta agam maidir le ceanglais an chomhaontaithe um bainistíocht seirbhísí idir Roinn an Taoisigh agus na Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais i ndáil leis an tseirbhís chomhroinnte seo a sholáthar.

Tá mo chuid freagrachtaí comhlíonta agam maidir le ceanglais an chomhaontaithe um bainistíocht seirbhísí idir Roinn an Taoisigh agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte i ndáil le seirbhísí comhroinnte acmhainní daonna agus párolla a sholáthar.

Bím ag brath ar litreacha dearbhaithe ó na hOifigigh Chuntasaíochta don Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte agus don Ionad Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais, Cill Airne, go bhfuil na rialuithe iomchuí curtha i bhfeidhm i ndáil le seirbhísí comhroinnte a sholáthar do Roinn an Taoisigh.

***Timpeallacht rialaithe airgeadais***

Tá timpeallacht rialaithe ina bhfuil na heilimintí seo a leanas i bhfeidhm.

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ar an leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach.
- Leagadh amach socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal ag ar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais.
- Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus chun gníomh ceartaitheach cuí a chinntiú.
- Tá Coiste Iniúchóireachta ar bun chun comhairle a chur ormsa maidir lena leagtar de fhreagracht orm maidir leis an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais.
- Rinneadh doiciméadú ar na nósanna imeachta le haghaidh gach príomhphróisis gnó.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

***Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta***

Tá creat nósanna imeachta riaracháin agus tuairiscithe bainistíochta rialta i bhfeidhm lena n-áirítear dualgais a dheighilt agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go bhfuil go háirithe

- córas buiséadaithe iomchuí ann agus buiséad bliantúil a bhíonn faoi athbhreithniú ag an ardbhainistíocht.
- go ndéanann an ardbhainistíocht athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla airgeadais ina léirítear feidhmíocht airgeadais i gcoinne réamhaisnéisí.
- go bhfuil córas bainistíochta riosca i bhfeidhm laistigh den Roinn.
- go bhfuil córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC.
- go bhfuil treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil agus disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadail ann.

***Iniúchóireacht inmheánach agus an Coiste Iniúchóireachta***

Tá feidhm iniúchóireachta inmheánaí ag an Roinn lena ngabhann foireann atá oilte go cuí chuige agus gur de réir mar atá i gcairt i scríbhinn arna ceadú agamsa a oibrítear. Tá obair na feidhme iniúchóireachta inmheánaí bunaithe ar anailís ar na rioscaí airgeadais a bhfuil an Roinn nochta dóibh agus tá a plean bliantúil iniúchóireachta inmheánaí, atá faofa agam féin, bunaithe ar an anailís sin. Féachtar leis an bplean sin na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn atrátha thar thréimhse réasúnta. Déanann mé féin agus an Coiste Iniúchóireachta an fheidhm iniúchóireachta inmheánaí a athbhreithniú go tréimhsiúil. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam lena chinntiú go leantar suas tuairiscí na feidhme iniúchóireachta inmheánaí.

***Soláthar***

Cinntíonn an Oifig go bhfuil béim chuí ar dhea-chleachtas soláthair nuair a bhronntar gach conradh agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun comhlíontas gach treoirlíne ábhartha a chinntiú. €13.325 milliún a caitheadh san iomlán ar earraí agus seirbhísí in 2023.

Tá sonraí tugtha ag an Roinn maidir le ceithre chonradh neamhiomaíocha sa tuairisceán bliantúil maidir le hImlitir 40/2002 don Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadadh ar an bPlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe.

*Neamhchomhlíonadh na rialacha soláthair*

Chloígh an Roinn leis na treoirlínte seachas i gcás trí chonradh sa bhreis ar €25,000 (gan CBL san áireamh), luach €212,152 san iomlán (gan CBL san áireamh), mar a leagtar amach thíos:

- Soláthraíodh conradh amháin ar luach €66,652 chun éascaíocht a dhéanamh ar Thionóil na Saoránach agus nótaí a thógáil lena linn trí Iarraidh ar Thairiscintí ar eTenders agus sháraigh an conradh sin tairseach an tsoláthair sin. Tá conradh nua i bhfeidhm anois maidir leis an tseirbhís sin.

- Rinneadh dhá chonradh a raibh luach €145,500 ag dul leo le haghaidh seirbhísí tacaíochta bainistithe TF a dhámhachtain roimhe seo faoi phróisis iomaíocha ach cuireadh síneadh leo rud a sháraigh a dtairseacha. I gcás conradh amháin, bhí soláthar os cionn na tairsí sin mar thoradh ar na síntí ar sprioc-amanna tuairiscithe bunaidh an Choimisiúin Imscrúdúcháin. Maidir leis an gconradh eile, rachfar i mbun próiseas iomaíoch soláthair in 2024.

***Creat riosca agus rialaithe***

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag an Roinn lena ndéantar sainaithint agus tuairisciú ar na príomhrioscaí agus na gníomhartha bainistíochta atá á ndéanamh chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin agus, a mhéid agus is féidir, chun iad a mhaolú.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm lena sainaithnítear na príomhrioscaí atá os comhair na Roinne agus rinneadh iad a shainaithint, a mheas agus a rangú de réir a dtábhachta. Déantar an clár a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta go rialta i gcomhar le hardbhainistíocht na Roinne. De réir thoradh na measúnuithe sin a dhéantar pleanáil agus dáileadh ar acmhainní ionas go ndéantar an chontúirt ó gach réimse baoil a mhaolú go dtí gur féidir a sheasamh.

Sonraítear sa chlár riosca na rialuithe agus na gníomhartha is gá chun rioscaí a mhaolú agus déantar freagracht i ndáil le feidhmiú rialuithe a shannadh ar aonaid ghnó shonracha.

Is buanmhír ar chlár oibre Choiste Iniúchóireachta na Roinne é an bhainistíocht riosca freisin.

Tá an próiseas Measúnaithe Náisiúnta Riosca bliantúil, a ndéanann Roinn an Taoisigh maoirseacht air, i bhfeidhm freisin agus tugann sé deis rioscaí suntasacha a d'fhéadfadh teacht chun cinn d'Éirinn sa ghearrthéarma, sa mheántéarma agus san fhadtéarma a shainaithint agus a phlé. Leagtar amach sa Measúnú Náisiúnta Riosca na rioscaí is suntasaí, geopholaitíochta, eacnamaíochta, sóisialta, comhshaoil, agus teicneolaíochta atá i ndán don tír. Foilsíodh an Measúnú Náisiúnta Riosca is déanaí i mí Lúnasa 2023. Tá obair ullmhúcháin ar bun anois sula gcuirfear tús le próiseas 2024.

***Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach***

Tá nósanna imeachta foirmiúla leagtha amach chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus déantar easnaimh rialaithe a chur in iúl dóibh siúd atá freagrach as beart ceartaitheach a dhéanamh agus don bhainistíocht agus don Choiste Comhairleach Bainistíochta, nuair is iomchuí agus in am trátha. Deimhním go bhfuil na príomhrioscaí agus na rialuithe gaolmhara sainaitheanta agus go bhfuil próisis curtha i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú na bpríomhrialuithe sin agus aon easnaimh a shainaithnítear a thuairisciú.

***Athbhreithniú ar éifeachtacht***

Tá nósanna imeachta ag an Roinn chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe. Tá monatóireacht agus athbhreithniú na Roinne ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais bunaithe ar obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus na hardbhainistíochta laistigh den Roinn atá freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh a fhorbairt agus a chothabháil.

***Saincheisteanna maidir le rialú inmheánach airgeadais***

Níor sainaithníodh aon laigí i rialú inmheánach airgeadais a bhí le nochtadh sa chuntas leithreasa maidir le 2023.

**John Callinan**
Oifigeach Cuntasaíochta
Roinn an Taoisigh

26 Meitheamh 2024

## An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## Vóta 2 Roinn an Taoisigh

### Tuairim faoin gcuntas leithreasa

Rinne mé iniúchadh ar an gcuntas leithreasa do Vóta 2 Roinn an Taoisigh don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993.

Is é mo thuairimse go gcuirtear i láthair go cuí

- sa chuntas leithreasa fáltais agus caiteachas Vóta 2 Roinn an Taoisigh don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023, agus
- gur ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí, Seachadadh ar an bPlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe.

***An bunús leis an tuairim***

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (ISAnna) arna gcur i bhfeidhm ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Déantar cur síos ar mo fhreagrachtaí faoi na caighdeáin sin san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo. Táim neamhspleách ar Roinn an Taoisigh agus chomhlíon mé mo chuid freagrachtaí eiticiúla eile i gcomhréir leis na caighdeáin.

Creidim go bhfuil an fhianaise iniúchta atá aimsithe agam leordhóthanach agus cuí chun bunús a chur le mo thuairim.

**Tuarascáil ar an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais agus ar nithe eile**

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm as tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta, san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

**Seamus Mac Cárthaigh**
An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

27 Meitheamh 2024

## Aguisín leis an tuarascáil

## Freagrachtaí an Oifigigh Chuntasaíochta

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach as na nithe seo a leanas:

- an cuntas leithreasa a ullmhú de réir alt 22 den Exchequer and Audit Departments Act 1866
- a chinntiú go gcomhlíonann an cuntas leithreasa ceanglais na Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadadh ar an bPlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe, agus ordacháin eile ón Aire Caiteachais Phoiblí, Seachadadh ar an bPlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú, agus
- cur chun feidhme a dhéanamh ar cibé rialú inmheánach a chinneann an tOifigeach Cuntasaíochta a bheith riachtanach chun cuntas leithreasa a ullmhú atá saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis.

### Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 3 den Acht um Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, an cuntas leithreasa a iniúchadh agus tuairisciú air do Thithe an Oireachtais, á lua cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh, i mo thuairimse, a chuirtear na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an vóta i láthair go cuí sa chuntas.

Is é an cuspóir atá agam agus an t-iniúchadh á dhéanamh agam ná dearbhú réasúnta a fháil maidir le cé acu atá nó nach bhfuil an cuntas leithreasa saor ó mhíráiteas ábhartha ar calaois nó earráid is cúis leis. Is leibhéal ard dearbhaithe é dearbhú réasúnta, ach ní ráthaíocht é go mbraithfidh iniúchadh a dhéantar de réir na ISAnna (Caighdeáin Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht) míráiteas ábhartha i gcónaí nuair a bheidh sé ann. Féadfaidh míráiteas eascairt as calaois nó earráid agus meastar go bhfuil siad ábhartha dá bhféadfaí a bheith ag súil le réasún go mbeadh tionchar acu ar chinntí eacnamaíocha úsáideoirí a dhéantar ar bhonn an chuntais leithreasa, ina n-aonar nó ina n-iomláine.

Mar chuid d'iniúchadh de réir na ISAnna, cleachtaim breithiúnas gairmiúil agus coinním sceipteachas gairmiúil i rith an iniúchta. Agus mé ag déanamh amhlaidh,

- Sainaithním agus measúnaím rioscaí an mhíráitis ábhartha a bhaineann leis an gcuntas leithreasa, cibé acu de bharr calaoise nó earráide iad; dearaim agus feidhmím nósanna imeachta iniúchóireachta a fhreagraíonn do na rioscaí sin; agus faighim fianaise iniúchóireachta is leor agus is cuí chun bunús a sholáthar i gcomhair mo thuairime. Is mó an riosca nach mbraithfí míráiteas ábhartha a rinneadh de bharr calaoise ná míráiteas ábhartha a rinneadh de bharr earráide, mar d'fhéadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnaimh d'aon ghnó, mífhaisnéis nó sárú ar rialú inmheánach a bheith i gceist le calaois.
- Faighim tuiscint ar an rialú inmheánach atá ábhartha don iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchóireachta a dhearadh a bheidh iomchuí sna cúinsí i gceist, ach ní chun tuairim a thabhairt ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Measúnaím cé acu a comhlíonadh nó nár comhlíonadh Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí de chuid fhorálacha cuntasaíochta na Roinne Caiteachais Phoiblí, Seachadadh ar an bPlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe.

Déanaim cumarsáid leis an Oifigeach Cuntasaíochta maidir le scóip agus uainiú beartaithe an iniúchta agus torthaí suntasacha iniúchta, i measc nithe eile, lena n-áirítear aon laigí suntasacha sa rialú inmheánach a shainaithním le linn m'iniúchta.

Tuairiscím de réir eisceachta más amhlaidh, i mo thuairimse,

- nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe uile a theastaigh uaim i gcomhair m'iniúchta, nó
- nár leor na taifid chuntasaíochta le go bhféadfaí an cuntas leithreasa a iniúchadh go héasca agus go cuí, nó
- nach bhfuil an cuntas leithreasa ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

#### Tuairisciú ar an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais

Ní chumhdaíonn mo thuairim ar an gcuntas leithreasa an ráiteas ón Oifigeach Cuntasaíochta faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ní chuirim aon chinneadh dearbhaithe in iúl ina leith.

I dtaca le m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa, ceanglaítear orm faoi na ISAnna an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais a léamh agus, le linn déanamh amhlaidh, a bhreithniú cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh atá an fhaisnéis atá tugtha laistigh de neamh-chomhsheasmhach go hábhartha leis an gcuntas leithreasa nó le heolas a gnóthaíodh le linn an iniúchta nó a bhfuil an chuma uirthi ar shlí eile go ndearnadh míráiteas ábhartha ina leith. Más rud é, bunaithe ar an obair a rinne mé, go dtagaim ar an gconclúid go bhfuil míráiteas ábhartha ann, ceanglaítear orm an fhíric sin a thuairisciú.

#### Tuairisciú ar ábhair eile

Féachaim le linn an iniúchta le fianaise a fháil ar rialtacht na n-idirbheart airgeadais. Ceanglaítear orm faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, tuairisciú i gcás ina sainaithním aon chás ábhartha nár caitheadh airgead poiblí do na críocha a bhí beartaithe ann nó nach ndearnadh na hidirbhearta de réir na n-údarás a bhí á rialú ann.

Ceanglaítear orm freisin faoi Acht 1993 tuarascáil a ullmhú gach bliain ar cibé ábhair a eascraíonn as m'iniúchtaí ar na cuntais leithreasa is cuí liom. I gcásanna den sórt sin, tagraítear sna tuarascálacha iniúchóireachta ar na cuntais leithreasa lena mbaineann don chaibidil ábhartha/do na caibidlí ábhartha sa Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí uaim, ar tuarascáil bhliantúil í.

# Vóta 2 Roinn an Taoisigh

## Cuntas Leithreasa 2023

| | | | 2023 | 2022 |
|---|---|---|---|---|
| | **Soláthar sna meastacháin** | | **Toradh** | **Toradh** |
| | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Caiteachas clár** | | | | |
| A Tacú le hobair an Taoisigh agus an Rialtais | | | | |
| *Bunmhéid* | 39,534 | | | |
| *Méid forlíontach* | 1 | | | |
| | | 39,535 | 34,626 | 32,367 |
| **Ollchaiteachas** | | **39,535** | **34,626** | **32,367** |
| *Lúide* | | | | |
| B **Leithreasaí i gcabhair** | | **789** | **736** | **864** |
| **Glanchaiteachas** | | | | |
| *Bunmhéid* | 38,745 | | | |
| *Méid forlíontach* | 1 | | | |
| | | **38,746** | **33,890** | **31,503** |

**Barrachas**

Tá barrachas an mhéid a soláthraíodh, os cionn an ghlanmhéid a feidhmíodh, faoi dhliteanas le géilleadh don Státchiste

| | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| **Barrachas le géilleadh** | **4,855,886** | **6,521,782** |

**John Callinan**
Oifigeach Cuntasaíochta
Roinn an Taoisigh

26 Meitheamh 2024

## Nótaí a ghabhann leis an gCuntas Leithreasa

### Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2023

| | | 2023 | 2022 |
|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** |
| Costas an chláir | | 11,140 | 9,507 |
| Pá | | 18,780 | 17,340 |
| Neamhphá | | 4,706 | 5,520 |
| **Ollchaiteachas** | | **34,626** | **32,367** |
| *Lúide* | | | |
| **Leithreasaí i gcabhair** | | **736** | **864** |
| **Glanchaiteachas** | | **33,890** | **31,503** |
| | | | |
| **Athruithe ar shócmhainní caipitil** | | | |
| ***Maoin, gléasra agus trealamh (nóta 2.1)*** | | | |
| Ceannacháin | — | | |
| Caillteanas ar dhiúscairt | 3 | | |
| Dímheas | 115 | | |
| ***Sócmhainní doláimhsithe (nóta 2.2)*** | | | |
| Ceannacháin | (43) | | |
| Amúchadh | 98 | | |
| | | 173 | 231 |
| **Athruithe ar ghlansócmhainní reatha** | | | |
| (Méadú)/laghdú ar fhardail | — | | |
| (Méadú)/laghdú ar réamhíocaíochtaí | 135 | | |
| Méadú/(laghdú) ar speansais fhabhraithe | 207 | | |
| | | 342 | (859) |
| **Caiteachas díreach** | | **34,405** | **30,875** |
| | | | |
| **Caiteachas a tabhaíodh in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1) | | 5,077 | 5,578 |
| Measchíosanna | | 1,517 | 1,517 |
| **Glanchostas an chláir** | | **40,999** | **37,970** |

## 1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Tá méid an ghlanchaiteachais ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na méideanna seo a leanas i ndáil le Vóta 2 a tabhaíodh in áit eile, glanchostais na seirbhísí comhroinnte a cuireadh ar fáil do Vótaí eile.

| | | 2023 | 2022 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| Vóta 9 | Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim | 10 | 10 |
| Vóta 12 | Aoisliúntais agus Liúntais Scoir | 3,570 | 4,096 |
| Vóta 13 | Oifig na nOibreacha Poiblí | 545 | 561 |
| Vóta 18 | Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte | 29 | 25 |
| Vóta 20 | An Garda Síochána | 262 | 236 |
| Vóta 24 | Dlí | 61 | 59 |
| Vóta 36 | Cosaint | 89 | 86 |
| Vóta 43 | Oifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais | 51 | 43 |
| Lárchiste - | Pinsin Taoisigh agus Airí | 460 | 462 |
| | | **5,077** | **5,578** |

## Nóta 2 Ráiteas ar an Staid Airgeadais ag an 31 Nollaig 2023

| | Nóta | 2023 | 2022 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| **Sócmhainní seasta** | | | |
| Maoin, gléasra agus trealamh | 2.1 | 51 | 237 |
| Sócmhainní doláimhsithe | 2.2 | 243 | 298 |
| **Sócmhainní seasta iomlána** | | **294** | **535** |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.3 | 911 | 1,014 |
| Réamhíocaíochtaí | 2.4 | 606 | 741 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.5 | 48 | 40 |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | **1,565** | **1,795** |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Speansais fhabhraithe | 2.6 | 859 | 652 |
| Iarmhéideanna sochair eile | 2.7 | 694 | 705 |
| Glanmhaoiniú Státchiste | 2.8 | 265 | 349 |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | **1,818** | **1,706** |
| **Glansócmhainní reatha** | | (253) | 89 |
| **Glansócmhainní** | | **41** | **624** |
| **Arna léiriú ag:** | | | |
| **Cuntas maoinithe an Stáit** | 2.9 | **41** | **624** |

## 2.1 Maoin, gléasra agus trealamh

| | Trealamh oifige agus TF | Troscán agus feistis | Iomlán |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| **Costas nó luacháil [a,b]** | | | |
| Ag an 1 Eanáir 2023 | 964 | 639 | 1,603 |
| Coigeartuithe | (541) | (535) | (1,076) |
| Breiseanna | — | — | — |
| Diúscairtí | (41) | — | (41) |
| Ag an 31 Nollaig 2023 | 382 | 104 | 486 |
| | | | |
| **Dímheas carntha** | | | |
| Ag an 1 Eanáir 2023 | 801 | 565 | 1,366 |
| Coigeartuithe | (526) | (482) | (1,076) |
| Dímheas don bhliain | 101 | 14 | 115 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | (38) | — | (38) |
| Ag an 31 Nollaig 2023 | 338 | 97 | 435 |
| | | | |
| **Glansócmhainní** | | | |
| **Ag an 31 Nollaig 2023** | **44** | **7** | **51** |
| Ag an 31 Nollaig 2022 | 163 | 74 | 237 |

Nótaí

[a] Áirítear le costas nó luacháil ag tús na bliana sócmhainní a fuarthas ar níos lú ná €10,000 roimh an 1 Eanáir 2021. Baineadh na sócmhainní sin den ráiteas trí choigeartuithe sa bhliain.

[b] An 1 Eanáir 2023, rinneadh sócmhainní bogearraí a fuarthas agus a forbraíodh a athaicmiú mar shócmhainní doláimhsithe (nóta 2.2).

## 2.2 Sócmhainní doláimhsithe[a]

| | Bogearraí a fuarthas agus a forbraíodh | Iomlán |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| **Costas nó luacháil** | | |
| Ag an 1 Eanáir 2023 [a] | 492 | 492 |
| Coigeartuithe | (4) | (4) |
| Breiseanna | 43 | 43 |
| **Ag an 31 Nollaig 2023** | 531 | 531 |
| | | |
| **Amúchadh Carntha** | | |
| Ag an 1 Eanáir 2023 | 194 | 194 |
| Coigeartuithe | (4) | (4) |
| Amúchadh don bhliain | 98 | 98 |
| **Ag an 31 Nollaig 2023** | 288 | 288 |
| | | |
| **Glansócmhainní** | | |
| **Ag an 31 Nollaig 2023** | 243 | 243 |
| Ag an 31 Nollaig 2022 | 298 | 298 |

Nóta [a] An 1 Eanáir 2023, aistríodh sócmhainní bogearraí a fuarthas agus a forbraíodh ó mhaoin, gléasra agus trealamh.

## 2.3 Banc agus airgead tirim

| ag an 31 Nollaig | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéideanna agus airgead tirim PMG | 911 | 1,012 |
| Iarmhéid cuntais bainc eile | — | 2 |
| | **911** | **1,014** |

## 2.4 Réamhíocaíochtaí

| ag an 31 Nollaig | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Réamhíocaíochtaí TFC | 548 | 611 |
| Réamhíocaíochtaí an chláir | 8 | 8 |
| Réamhíocaíochtaí riaracháin eile | 50 | 122 |
| | **606** | **741** |

## 2.5 Iarmhéideanna dochair eile

| ag an 31 Nollaig | 2023<br>€000 | 2022<br>€000 |
|---|---|---|
| Caiteachas aisghabhála an phas taistil | 43 | 32 |
| Míreanna fionraí dochair eile | 5 | 8 |
| | **48** | **40** |

## 2.6 Ioncam fabhraithe

| ag an 31 Nollaig | 2023<br>€000 | 2022<br>€000 |
|---|---|---|
| Fabhruithe cláir | 325 | 334 |
| Fabhruithe riaracháin | 534 | 318 |
| | **859** | **652** |

## 2.7 Iarmhéideanna sochair eile

| ag an 31 Nollaig | 2023<br>€000 | 2022<br>€000 |
|---|---|---|
| **Méideanna atá dlite don Stát** | | |
| Cáin ioncaim | 352 | 333 |
| Árachas sóisialach pá-choibhneasa | 171 | 155 |
| Cáin shiarchoinneálach ar sheirbhísí gairmiúla | 20 | 24 |
| Cáin bhreisluacha | — | 35 |
| | 543 | 547 |
| Asbhaintí párolla á gcoinneáil ar fionraí | 151 | 157 |
| Iarmhéideanna sochair eile - míreanna fionraí | — | 1 |
| | **694** | **705** |

## 2.8 Glanmhaoiniú Státchiste

| ag an 31 Nollaig | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Barrachas le géilleadh | 4,856 | 6,522 |
| Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh | (4,591) | (6,173) |
| **Glanmhaoiniú Státchiste** | **265** | **349** |
| **Arna léiriú ag:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 911 | 1,014 |
| Iarmhéideanna sochair: fionraí | 48 | 40 |
| | 959 | 1,054 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (543) | (547) |
| Iarmhéideanna creidmheasa: fionraí | (151) | (158) |
| | (694) | (705) |
| | **265** | **349** |

## 2.9 Cuntas an mhaoinithe Stáit

| | Nóta | | 2023 | 2022 |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| Iarmhéid an ag 1 Eanáir | | | 624 | (4) |
| Eisíocaíochtaí ón Vóta | | | | |
| Soláthar sna meastacháin | Cuntas | 38,746 | | |
| Barrachas le géilleadh | Cuntas | 4,856 | | |
| Glanvóta | | | 33,890 | 31,503 |
| Caiteachas (airgead tirim) a tabhaíodh in áit eile | 1 | | 5,077 | 5,578 |
| Míreanna neamh-airgid - Coigeartú ar Mhaoin, gléasra agus trealamh | 2.1 | | (68) | — |
| Caiteachas neamhairgid - measchíos | 1 | | 1,517 | 1,517 |
| Glanchostas an chláir | 1 | | (40,999) | (37,970) |
| **Iarmhéid ag an 31 Nollaig** | | | **41** | **624** |

## 2.10 Ceangaltais

| **Ceangaltais dhomhanda**<br>ag an 31 Nollaig | **2023**<br>**€000** | **2022**<br>**€000** |
|---|---|---|
| Earraí agus seirbhísí a fháil | **68** | **49** |

## 2.11 Dliteanais Theagmhasacha

Luadh an dá chás Ard-Chúirte a bhaineann le hiarrataí ar rochtain ar fhaisnéis chomhshaoil mar dhliteanais theagmhasacha i gcuntas leithreasa 2022. Tugadh cás eile chun críche i mí Iúil 2023 agus ní raibh aon chostais dlite. Tá an cás eile fós ag dul ar aghaidh, agus d'fhéadfadh costais a bheith mar thoradh air sin.

## Nóta 3 Caiteachas an Vóta

### Anailís ar chaiteachas riaracháin

Áirítear caiteachas riaracháin a leagtar amach anseo thíos i gClár A chun costais iomlána cláir a chur i láthair.

| | | | | 2023 | 2022 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar Meastacháin | | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| i | Tuarastail, pánna agus liúntais | | 20,583 | 18,780 | 17,340 |
| ii | Taisteal agus cothabháil | | 730 | 581 | 605 |
| iii | Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha | | | | |
| | *Bunmhéid* | 3,002 | | | |
| | *Méid forlíontach* | (346) | | | |
| | | | 2,656 | 2,054 | 2,875 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | | 360 | 299 | 306 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha | | | | |
| | *Bunmhéid* | 1,257 | | | |
| | *Méid forlíontach* | (58) | | | |
| | | | 1,199 | 1,257 | 1,413 |
| vi | Costais áitreabh oifige | | | | |
| | *Bunmhéid* | 400 | | | |
| | *Méid forlíontach* | 121 | | | |
| | | | 521 | 515 | 321 |
| vii | Comhairleoireacht agus seirbhísí eile | | 18 | — | — |
| | | | **26,067** | **23,486** | **22,860** |

### Éagsúlachtaí suntasacha

Déantar cur síos sa mhír seo a leanas ar na cúiseanna a raibh éagsúlachtaí suntasacha i gceist i gcaiteachas neamh-riaracháin cláir (+/25% agus €100,000).

iii **Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha**

*Soláthar sna meastacháin €3.002 milliún; olltoradh €2.054 milliún*

Ba mar thoradh ar chaiteachas níos lú ná mar a bhíothas ag súil leis thar raon réimsí lena n-áirítear imeachtaí Stáit agus oiliúint agus forbairt a raibh easnamh €948,000 i gcaiteachas ann i gcomórtas leis an soláthar sna meastacháin.  Fritháiríodh coigiltí faoin bhfo- cheannteideal seo in aghaidh caiteachais a tabhaíodh faoin bhfo- cheannteideal v trealamh Oifige agus seirbhísí seachtracha TF.

**vi Costais áitreabh oifige**

*Soláthar sna meastacháin €400,000; olltoradh €515,000*

Ba mar thoradh ar chostais níos airde fuinnimh ar tharla caiteachas breise €115,000 i gcomórtas leis an sna meastacháin:

## Clár A Tacú le hobair an Taoisigh agus an Rialtais

| | | | | 2023 | | 2022 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Soláthar meastacháin | | Toradh | Toradh |
| | | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| A.1 | Riarachán – pá | | | 20,583 | 18,780 | 17,340 |
| A.2 | Riarachán - neamhphá | | | | | |
| | | *Bunmhéid* | 5,767 | | | |
| | | *Méid forlíontach* | (283) | | | |
| | | | | 5,484 | 4,706 | 5,520 |
| A.3 | An Chomhairle Náisiúnta Eacnamaíochta & Shóisialta | | | 2,468 | 2,355 | 2,129 |
| A.4 | Binsí Fiosrúcháin | | | | | |
| | | *Bunmhéid* | 3,910 | | | |
| | | *Méid forlíontach* | (2,951) | | | |
| | | | | 959 | 799 | 898 |
| A.5 | Coimisiúin Imscrúdúcháin | | | | | |
| | | *Bunmhéid* | 4,271 | | | |
| | | *Méid forlíontach* | 1,879 | | | |
| | | | | 6,150 | 6,097 | 3,075 |
| A.6 | Tionól na Saoránach | | | | | |
| | | *Bunmhéid* | 535 | | | |
| | | *Méid forlíontach* | 1,356 | | | |
| | | | | 1,891 | 1,889 | 1,337 |
| A.7 | Cumarsáid phoiblí maidir le Covid-19 | | | 2,000 | — | 2,068 |
| | | | | **39,535** | **34,626** | **32,367** |

**Éagsúlachtaí suntasacha**

Déantar cur síos sa mhír seo a leanas ar na cúiseanna a raibh éagsúlachtaí suntasacha i gceist i gcaiteachas neamh-riaracháin cláir (+/5% agus €100,000).

**A.4 Binsí Fiosrúcháin**

*Soláthar sna meastacháin €3,910,000; olltoradh €799,000*

Ba mar thoradh ar líon na n-éileamh costas dlí níos lú ná mar a measadh agus a socraíodh in 2023 a raibh easnamh €3.1 milliún i gcaiteachas ann i gcomórtas leis an soláthar sna meastacháin. Níl aon smacht ag an Roinn ar chostais dlí tríú páirtí arna ndámhachtain ag an mBinse Fiosrúcháin agus ní féidir a thuar cén t-am a shocrófar costais tríú páirtí a bheidh dlite ag aon am ar leith.

**A.5 Coimisiúin Imscrúdúcháin**

*Soláthar sna meastacháin €4.271 milliún; olltoradh €6.097 milliún*

Tá na coimisiúin imscrúdúcháin neamhspleách ar Roinn an Taoisigh agus bíonn a leibhéil chaiteachais ag brath ar riachtanais agus ar cheanglais a n-imscrúdúchán ar an gcéad dul síos. Ba mar thoradh ar dheacracht an Choimisiúin leibhéal agus uainiú a riachtanas caiteachais féin a thuar go cruinn, lena n-áirítear caiteachas a d'eascair as cinntí costais tríú páirtí a dhámhachtain a tharla caiteachas breise €1.826 milliún i gcomórtas leis an soláthar sna meastacháin.

**A.6 Tionól na Saoránach**

*Soláthar sna meastacháin €535,000; olltoradh €1.889 milliún*

Ba mar thoradh ar uainiú bhunú Thionól na Saoránach a tharla caiteachas breise €1.354 milliún i gcomórtas leis an soláthar sna meastacháin toisc nár léirigh an soláthar meastacháin sna €535,000 costais na bliana iomláine.

**A.7 Cumarsáid Phoiblí maidir le Covid-19**

*Soláthar sna meastacháin €2 milliún; olltoradh €0 milliún*

Ní raibh aon ghá aon fheachtais eolais phoiblí maidir le Covid-19 a reáchtáil in 2023. Cuireadh an fo-cheannteideal sin ar scor in 2024.

## Nóta 4 Fáltais

### 4.1 Leithreasaí i gcabhair

| | | 2023 | | 2022 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Measta** | **Réadaithe** | **Réadaithe** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| 1 | Leithreasaí i gcabhair | 50 | 17 | 174 |
| 2 | Fáltais ó ranníocaíochtaí breise aoisliúntais ar luach saothair seirbhíse poiblí | 738 | 719 | 690 |
| 3 | Earraí Ilghnéitheacha | 1 | – | – |
| | **Iomlán** | **789** | **736** | **864** |

### 4.2 Fáltais bhreise is iníoctha leis an Státchiste

| | 2023 €000 | 2022 €000 |
|---|---|---|
| Iarmhéid ag an 1 Eanáir | 96 | 99 |
| Fáltais ó ghéilleadh deonach tuarastail sealbhóirí oifige | 91 | 96 |
| Aistrithe chuig an Státchiste | (96) | (99) |
| **Iarmhéid ag an 31 Nollaig** | **91** | **96** |

## Nóta 5 Soláthar Foirne & Luach Saothair

### 5.1 Líon na bhFostaithe

| **Fostaithe comhionann le fostaithe lánaimseartha ag deireadh na bliana** | **2023** | **2022** |
|---|---|---|
| Roinn | 251 | 236 |
| Gníomhaireacht - An Oifig Náisiúnta d'Fhorbairt Eacnamaíoch agus Shóisialach | 17 | 14 |
| | **268** | **250** |

### 5.2 Pá

### Luach Saothair fhoireann na Roinne

| | 2023 €000 | 2022 €000 |
|---|---|---|
| Pá | 17,155 | 16,262 |
| Iomarcaíocht agus scaoilíocaíocht | 161 | — |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise | 406 | 432 |
| Ragobair | 450 | 381 |
| ÁSPC an Fhostóra | 1,474 | 1,338 |
| **Iomlán an phá [a]** | **19,646** | **18,413** |

Nóta [a] Áirítear pá i ndáil le foireann na gCoimisiún Imscrúdúcháin agus foireann Thionól na Saoránach ar shuim iomlán phá na Roinne.

## Luach saothair foirne gníomhaireachta

| | | |
|---|---|---|
| Pá | 1,501 | 1,356 |
| ÁSPC Fostóra | 152 | 133 |
| **Iomlán an phá** | **1,653** | **1,489** |

Nóta Faisnéis bunaithe ar thuairisceáin a rinne an Oifig Náisiúnta d’Fhorbairt Eacnamaíoch agus Shóisialach

## 5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre - An Roinn

| | Líon na bhfaighteoirí | Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó | An íocaíocht aonair ba mhó | |
|---|---|---|---|---|
| | | | **2023** | **2022** |
| | | | **€** | **€** |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 45 | 18 | 38,396 | 35,302 |
| Ragobair | 101 | 11 | 32,273 | 28,504 |
| Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin | 17 | 11 | 42,423 | 32,980 |

## 5.4 Socruithe luach saothair eile

Rinneadh íocaíochtaí ex-gratia €29,829 (2022: €29,829) i ndáil le sochair scoir chomhaontaithe le hiarfhostaí amháin.

Áirítear sa chuntas seo caiteachas €120,645 i ndáil le hoifigeach amháin a bhí ag fónamh lasmuigh den Roinn ar feadh 2023 ar fad agus arbh í an Roinn a d'íoc tuarastal leis an bhfostaí sin.

Ní áirítear sa chuntas seo caiteachas i ndáil le triúr oifigigh a bhí ag fónamh lasmuigh den Roinn ar feadh 2023 ar fad nó cuid di in Oifigí Rialtais eile agus nach ndearna an Roinn a gcuid tuarastal a fhorchúiteamh.

### 5.5 Ró-íocaíochtaí párolla

| ag an 31 Nollaig | Líon na bhfaighteoirí | 2023<br>€ | 2022<br>€ |
|---|---|---|---|
| Ró-íocaíochtaí | 8 | 18,690 | 21,805 |
| Pleananna aisghabhála i bhfeidhm | 5 | 10,263 | 14,971 |

Aistríodh ceithre phlean aisghabhála i leith ceathrar, arbh fhiú €9,034 iad, chuig ranna nó comhlachtaí seirbhíse poiblí eile le linn na bliana.

### 5.6 Foireann na roinne de réir banda pá

Is mar seo a leanas a bhí líon fostaithe na Roinne a raibh a gcuid sochair iomlána fostaithe (lena n-áirítear bunphá, liúntais, ragobair; seachas ÁSPC an fhostóra, costais phinsin an fhostóra) don bhliain airgeadais idir €20,000 agus €59,999 agus thit siad laistigh de gach banda €10,000 ó níos mó ná €60,000.

| Bandaí pá (€) | | Líon na bhFostaithe | |
|---|---|---|---|
| **Ó** | **Go dtí** | **2023** | **2022** |
| 20,000 | 59,999 | 148 | 150 |
| 60,000 | 69,999 | 24 | 16 |
| 70,000 | 79,999 | 13 | 6 |
| 80,000 | 89,999 | 18 | 17 |
| 90,000 | 99,999 | 19 | 19 |
| 100,000 | 109,999 | 12 | 5 |
| 110,000 | 119,999 | 7 | 17 |
| 120,000 | 129,999 | 4 | 3 |
| 130,000 | 139,999 | 2 | — |
| 140,000 | 149,999 | — | 1 |
| 150,000 | 159,999 | 1 | — |
| 160,000 | 169,999 | 6 | 9 |
| 170,000 | 179,999 | 3 | — |
| 180,000 | 189,999 | 1 | 1 |
| 190,000 | 199,999 | 1 | 1 |
| 200,000 | 209,999 | — | — |
| 210,000 | 219,999 | — | — |
| 220,000 | 229,999 | — | — |
| 230,000 | 239,999 | — | 1 |
| 240,000 | 249,999 | 1 | — |

### 5.7 Scaoilíocaíochtaí agus iomarcaíocht

Íocadh scaoilíocaíochtaí arbh fhiú €126,818 iad le linn 2023 le seachtar baill foirne ar cuireadh deireadh lena gcuid fostaíochta. Fuair cúigear den seachtar sin íocaíochtaí iomarcaíochta freisin arbh fhiú €34,392 iad san iomlán.

### 5.8 Luach saothair agus sochair an Oifigigh Chuntasaíochta

Is mar seo a leanas a bhí luach saothair agus sochair inchánacha an Oifigigh Chuntasaíochta don bhliain airgeadais

| | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| **Bunphá** | | |
| Martin Fraser (go dtí an 2 Bealtaine 2022) | — | 74 |
| John Callinan (ón 3 Bealtaine 2022) | 245 | 151 |
| | **245** | **225** |

Níl luach na sochar scoir a saothraíodh le linn na tréimhse san áireamh thuas. Is ball den scéim aoisliúntais do státseirbhísigh bhunaithe roimh 1995 an tOifigeach Cuntasaíochta agus i dtaca leis sin ní théann a chuid teidlíochtaí i dtaobh sochair scoir thar théarmaí caighdeánacha na scéime pinsin sin.

## Nóta 6 Ilghnéitheach

### 6.1 Coistí, coimisiúin agus fiosrúcháin speisialta

| Coimisiún críche seasta | Bliain an cheapacháin | Caiteachas carnach go dtí deireadh 2023 | 2023 | 2022 |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| Binse Fiosrúcháin [a] | 1997 | 68,136 | 799 | 898 |
| Coimisiúin Imscrúdúcháin (Cregan) [b] | 2015 | 17,724 | 4,712 | 1,976 |
| Coimisiúin Imscrúdúcháin (Cooke) [c] | 2017 | 6,394 | 1,385 | 1,099 |
| | | | **6,896** | **3,973** |

Nótaí

[a] Beidh íocaíochtaí breise i gceist leis an mBinse Fiosrúcháin (íocaíochtaí leis an Uasal Haughey agus leis an Uasal Lowry). Ní féidir na costais deiridh a chinneadh ag an bpointe seo.

[b] Baineann an Coimisiún Imscrúdúcháin (Cregan) le hidirbhearta áirithe a rinne an Chorparáid Éireannach um Réiteach Bainc.

[c] Baineann an Coimisiún Imscrúdúcháin (Cooke) le díol a phunann Project Eagle ag an nGníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní.

### 6.2 Bronntanais oifigiúla

Áirítear suim €9,528 sa chuntas seo a bhaineann le ceannach bronntanas lena mbronnadh ag an Taoiseach nó ag Airí Stáit nó thar ceann an Taoisigh agus Airí Stáit in 2023 (2022: €18,322).

## 6.3 Costais chúitimh agus dlí

**Íocaíochtaí/costais a d’íoc an Roinn le linn na bliana**

| | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| Líon na gcásanna [a] | 7 | 4 |
| | €000 | €000 |
| Costais dlí na Roinne féin | — | — |
| Cúiteamh | — | — |
| Costais dlí | 4,839 | 1,090 |
| Costais eile | — | — |
| **Iomlán 2023** | **4,839** | **1,090** |

**Costais charnacha na gcásanna a cuireadh i gcrích in 2023**

| | Iomlán |
|---|---|
| Líon na gcásanna [a] | 7 |
| | €000 |
| Costais dlí féin na Roinne | — |
| Cúiteamh | — |
| Costais dlí | 4,839 |
| Costais eile | — |
| **Iomlán** | **4,839** |

Nóta [a] Seacht n-íocaíocht do chostais tríú páirtí le baill den phobal a bhaineann le Coimisiún Imscrúdúcháin Cregan agus Binse Fiosrúcháin Moriarty.